Organic

School Gardening Resources

PRIMARY LEVEL

BORD BIA
IRISH FOOD BOARD

# Móinéir bláthanna fiáine don ghairdín

SUITABLE FOR ALL CLASSES

ALL

BORD BIA
IRISH FOOD BOARD

| | |
|---|---|
| **Am na Bliana** | Ó cheann ceann na bliana. |
| **Aidhm** | Foghlaim conas móinéar bláthanna fiáine a chruthú agus a bhainistiú. |
| **Acmhainní ag teastáil** | Síolta bláthanna fiáine dúchasacha, ithir lom, ráca, gaineamh, ceamara. |
| **Ábharthacht Thraschuraclaim** | **OSIE:** Rudaí beo, iniúchadh/taighde, taifeadadh, breathnú<br>**Mata:** Tomhas, taifeadadh, foghlaim ghníomhach<br>**Litearthacht:** Focail nua, scríbhneoireacht, litriú<br>**Ealaín:** Ag déanamh fáisceán bláthanna, grianghraif<br>**Curaclam Neamhfhoirmiúil:** Discover Primary Science |

# 1 Conas móinéar bláthanna fiáine a chruthú - Lomadh

- Má fhágann tú píosa féaraigh leis féin forbróidh sé ina mhóinéar bláthanna fiáine. Coinneoidh lomadh straitéiseach slachtmhar é agus ligfidh sé do phlandaí séasúracha éagsúla a bheith níos líonmhaire.
- Go traidisiúnta, baintear an móinéar le haghaidh féir i lár mhí an Mheithimh go mí Iúil agus an dara baint féideartha i mí Mheán Fómhair - is féidir aithris a dhéanamh air sin go héasca i scoil.
- Le haghaidh móinéar bláthanna gearr, bain ó Mhárta go Meitheamh, lig dóibh fás i rith an tsamhraidh ansin bain arís san fhómhar.
- Nó, ná gearr an féar ar chor ar bith agus díreach bearr ag tús an gheimhridh nó ag deireadh an gheimhridh chun cinn síl a fhágáil do na héin.
- Má bhaintear conair ghlan tríd an móinéar, déanann sé rochtain agus cuireann sé cuma néata agus bheartaithe air!
- Chun torthúlacht íseal a choinneáil, rácáil gearrthóga agus múirín as (nó úsáid mar mhóta).

### Sláinte & Sábháilteacht

- Bain úsáid as uirlisí go sábháilte.
- Nigh lámha tar éis seisiún garraíodóireachta.
- Féach ar an mbileog oibre ar Shláinte & Shábháilteacht chun faisnéis mhionsonraithe a fháil.

## 2 Ag cur i bpáirceanna loma

- Is féidir síolta bláthanna fiáine a chroitheadh (scaipthe).
- Cuir na síolta le gaineamh le haghaidh croitheadh éasca.
- Rácáil síolta isteach go dtí an ithir lom.
- Cosain síol ó éin.
- Beidh síolta dúchasacha níos líonmhaire san ithir .
- Má tá an ithir ró-shaibhir, beidh féar níos líonmhaire ar aon nós.
- Beidh cothabháil fós riachtanach mar atá thuas agus beidh taighde ag teastáil maidir leis an modh gearrtha a bheidh le húsáid agat.

## 3 Smaointe do thionscadail taighde

**Mata** - Meastachán ar an méid síol bláthanna fiáine a theastaíonn do limistéar ar leith

**OSIE** - Bíodh 3 fhéarthalamh agat agus gearr leis na trí chóras gearrtha éagsúla agus breathnaigh ar na speicis plandaí agus feithidí éagsúla

**Oidhreacht Áitiúil** - Taighde ar chleachtas lomtha agus innilte i do cheantar áitiúil

**Ealaín/Cumarsáid** - Déan fáisceán bláthanna, déan taispeántas don ghairdín ag úsáid bláthanna, duilleoga agus féir bhrúite, déan fir bhréige

**Focail Taighde:** CROITHEADH



**Chun tuilleadh eolais a fháil**

**Design by Nature**

www.allgowild.com

**Irish Seed Savers Association**

www.irishseedsavers.ie

**Wildflower identification**

www.irishwildflowers.ie

